Acaill

Tá ġaċ duine anois ag caint ar an cluiċe mór Dé Doṁnaiġ, idir Acaill agus Cillmáin, i gcraoḃ ċluiċe na condae, i gCaisleán a' Ḃarraiġ, agus tá na sóisir ag iarraiḋ léanaṁ coṁ maiṫ leis na mionúir, a fuair léig agus cluiċe ceannais na condae i mbliana. Is féidir leo ḃaint mar tá foireann maiṫ go leor acu. Táṫar ag súil go raċaiḋ slua an ṁór do luċt tacaíoċta Acaill go Caisleán an Ḃarraiġ le cabair a ṫabairt dióbṫa. An foireann céanna a ċéas ag imirt agus a d'imir Dé Doṁnaiġ seo caite i gcoinniḃ Ḃeannċor.

Cúis bróin sa ċeantar, bás Dé Ceadaoin seo caite, ag Ards, Corrán, Seosaṁ Ó Máille, in aois a 94 bliana, an duine ba sine insan gCorrán. Fear éadtrom-croiċ greannṁar ab' ea é, agus é fial flaiṫúil. Ḃí dúil aige in cluiċí agus spórt, agus go h-áiṫrid peil na hÉireann, agus go dtí ar na fíor ṁallaiḃ, ba ḃeag ċluiċe naċ raiḃ sé aige. Ḃí beirt ṁac leis, Aindriú agus Seosaṁ ina mbaill agus ina n-imirteoirí do foireann an Ċorráin, a ḃí insan craoḃ ċluiċe sinsearaċ ins na 1930's. Niṫear coṁḃrón leo, agus lena inionaċa, Máire agus Caitlín atá beo i Sasain. Tugaḋ an corp go dtí Séipéal an Corráin, ar an Diardaoin, agus ċuaiġ socraid ṁór leis Dé hAoine go reiliġ Gob a' Ċoire.

D'éag beirt as an Gleann i gcaiṫeaṁ na seaċtaine. Freisin, Peadar Ó hOḃráin, in aois a 50 bliain, a d'éag go tobann i Sasana, tugaḋ a corp na baile ar an Aoine, agus ċuaiġ an socraid Dé Saṫairn go reiliġ Dun a' Ċorariġ taréis Aifreann Solúnta na Marḃ. Niṫear coṁḃrón lena ḃeanċéile, Áine, lena ḃeirt mac, agus a ḃeirt inionaċ, agus a ḋeartáraċa, Miċeál, Eoin Tomás agus Séamas, agus a ḋeirfiúraċa, Máire agus Máiréad. Uncail ab' ea é don Aṫair Seán Ó Móráin, S.M.A., san Nigéar.

D'éag Seán Ó Loinnseaċán, in aois a 68 bliana, taréis taom, ar an Diardaoin agus é ag cabrú le loileagaċ a ṫabairt amaċ as díog. Ḃí an tAṫair Mac Láġin, S.C., Dun a' Ċorrai:, ag freastalair roiṁ a ḃás. Ċuaiġ an socraid go Séipéal Dun a' Ċorraiġ ar an Aoine, agus an adlacaḋ Dé Saṫairn taréis Aifreann Solúnta na Marḃ. Niṫear coṁḃrón le n-a ḃeanċéile, Máiréad, agus a ċeaṫrar mac, Séamas, Niall, Seán agus Tomás. Agus a inionaċa Máire agus Áine. Tá a ṁac Niall ag teagasc i gCluain Measla, agus d'imir sé do Acaill in gaċ grád den ṗeil.

D'éiriġ go maiṫ le caḃlaċ iascaireaċta Aċla seaċtain nó ḋó anuas, agus fuair siad cuid ṁaiṫ de iasc mór agus cineálaċa eile éisc. Aċ, tá gearán ag na hiascairí gur ḃ'éigin dióbṫa scor don iascaireaċt sula raiḃ lasta leaṫlán acu, ar an ábar naċ raiḃ go leor boscaí éisc le fáil. Céard tá le rá ag Bord Iascaí Mara faoi sin?

Beiḋ an ṁeánscoil nua ag Gob a' Ċoire, críoċnaiṫe roiṁ Oíċe Ṡaṁna. Tá an teas agus an solus curṫa isteaċ, agus beiḋ an foirgneaṁ, nuair a ḃéas sé críoċnaiṫe: ar ceann dena cinn is fearr i Muiġeo.

Gleannḃarr

An bealaċ mór a ba ṁeasa sa tír seo, ḃí sé ag síneaḋ idir Ḃaile an Ṁuilinn agus an Mullaċ i nGleannḃarr. Ḃí sé sa ċrut sa deireaḋ go raiḃ sé contúirteaċ súil air aċ i dtús an earraiġ as ċuaiġ ṫart cuireaḋ tús le 'na ċóiriú. Rinneaḋ é a leaṫnú, líonaḋ cuid de na díogaċa agus cuireaḋ an ċéad ċóta gairḃéil air. Táṫar i gcionn an ċóta deireanaiġ gairḃéil ar na laeṫe seo. I ndiaiḋ sin cuirfear cóta tarra air agus roiṁ deireaḋ na míosa seo, ma ṁaireann an aimsir go measarṫa ba ċóir go mbeaḋ an obair réiḋ críoċnaiṫe agus bealaċ mór maiṫ aṁáin ag síneaḋ frío an ġleann.

Is mór an t-aṫrú a ṫáinig ar an ġleann beag seo ó cuireaḋ an Coláiste Saṁraiḋ ar bun ann tá bliain ó ṡin agus ag dul i bfeabas a ḃéas sé do réir cosúlaċta. Tógaḋ cúpla sealaiṫe úra, tiṫe beaga deasa ar fad. Cuireaḋ seomra nó beirt le cúpla teaċ eile agus tá seomra folcaiḋ ⁊ leiṫreas uisce i gcuid mór de na tiṫe. Táṫar ag cóiriú na mbealtaí móra agus gan ṁoill béiḋ crot agus gné úr nua ar fad ar Ġleannḃarr.

Aonaċ boċt saor agus an-droċ lá, sin mar ḃí ar an Ċeaṫrúin Ċaoil ar an tsiseaḋ lá den mí seo. Ḃí éileaṁ agus luaċ measarṫa ar ainṁiṫe laidre stóir. Ḃí siad ag dul idir £55 agus £65 an ceann. Ḃí bearaiġe ag díol ar £50 an ceann, pigíní 7 go 8 seaċtaine ar £4 agus £4-10s. an ceann.

Mám

I dTeaċ Pobail Baile na hInse, pósaḋ Bat Mac Donnċaḋa, Tulaċ Mór, Mám, mac le Séamas Mac Donnċaḋa, agus a ḃean, ⁊ Áine Nic Donnċaḋa, Cloċ na Rón, Co. na Gaillime, iníon do Séamas Mac Donnċaḋa agus a ḃean. An tAṫair P. Ó Cinnéide, S.C., Sraṫ Salaċ, a pós iad, le Aifreann an Ṗósta agus Beannaċt an Ṗápa. A h-aṫair a ṫug an ḃrídeóg le pósaḋ agus ḃí sí a' caiṫeaṁ gúna de satin brocade le ċéil go dtí na guailneaċa agus tiara de ḃláṫanna agus péarlaí ós a cionn. D'iompar sí bláṫfleasc de carnations dearg agus bán. Bairbre Nic Donnċaḋa, deirfiúr na brídeoige, a úeas léi. agus ḃí sí ag caiṫeaṁ gúna lánḟad gorm, le ceann-ḃeart ag cur leis, agus bláṫfleasc de carnations bána. Ḃí an ḃainis in Óstán Gleann Aḃainn, An Cloċán, agus 60 aoí i láṫair. Tá mí na meala ḋá ċaiṫeaṁ ar turas timpeall Éirinn.

Éad fa Scoláireaċta

Barraíoċt ag dul taoḃ ṫiar

Ḃí díospóireaċt ag cruinniú de Ċoṁairle Condae Dún na nGall, Dé Luain, faoi na scoláireaċtaí ón Ḃunscoltaċa go dtí na Meánscoltaċa agus ḃí tráċt ann ar "cramming", agus múinteoirí a cuireaḋ amaċ as eagras na múinteoirí faoi. Aċ, nuair a cuireaḋ rún os a gcoṁair go mbronnfaí na scoláireaċtaí ar bunús réagúnaċ ḃuaḋ ar an rún. Ḃí muintir Inis Eoin 'á iarraiḋ seo.

Dúirt Aoḋ Ó Duiḃir cé go raiḃ an triú cuid de ṗobal na condae in Inis Eoin, naċ ḃfuair siad scoláireaċtaí ar biṫ.

Ḃí an Coṁairle ag molaḋ go gcoiméadfaí £300 fá ċoinne scoláireaċtaí ó scoltaċá aon-oide, agus £300 do scóltaċa beirt-oidí.

Ṁol an Roinn gur £150 a beaḋ ann do scoltaċa aon - oide agus £450 do scoltaċa beirt-

Smaointe fánaċa ó

Iḋir Ḋá Linn

Risteárd Ó Glaisne

Tá togċán na hIar-Ġearmáine ṫart, tá an Dr. Erhard agus a Ḋaonlaṫaiġ Ċríostaí i gceannas arís, agus tá Willy Brandt tar éis a rá naċ gcuirfiḋ seisean isteaċ ar an tSeansailéireaċt an triú ḃabṫa.

Ḃí na Daonlaṫaiġ Ċríostaí i mbun an rialtais le sé bliana déag aniar, aċ ar éigean a ḃí malairt polasaí ag na Sóisialaiġ san togċán seo. Ṫuig siad go gcaiṫfeaḋ siad ḃótaí luċt na meán-aicme a ḟáil sula mbuafaḋ siad—agus, mar a dúirt "Die Zeit", níorḃ ḟaide amaċ ar an taoḃ ċlé iad ná na Daonlaṫaiġ i Meiriceá. Agus an scéal mar a ḃí, áfaċ. níor léir do luċt na meán-aicme — nó b'ḟéidir do ċuid de na hoibriṫe aċ oiread— go mb'ḟearr an dream eile seo ná an sean-dream.

Nuair a ḃí mé san Ġearmáin ḋá ṁí ó ṡin ḃí an feaċtas togċánaíoċta tosaiṫe, fógraí in airde i mBremen agus i Hamburg. Riṫ smaoineaṁ aisteaċ liom agus mé ag féaċaint orṫu sin. Ar ċúl m'intinne ḃí craṫán iontais orm na fógraí a feiceáil ar tús! —tír a ḃeiṫ ag ligean a náire le strómséirí. Níor ṁór dom gáire a ḋéanaṁ fúm féin. Ar ndóiġ, leanann náisiún ḋá ċuid oibre de ḃuíoċas cuairteoirí. Aċ ṫug an luaṫ-smaoineaṁ seo léargas dom ar feaḋ soicind ar intinn go leor taisteálaiṫe, creidim. Ceapann siad gur ar ṁaiṫe leo féin, mar ṫaispeántas dóiḃ, a ċuirtear ar siúl leaṫ a ḃfuil i dtír. Agus ní hamlaiḋ!

— — —

Anoċt ṫáinig mé ar ċóip den páipéar laeṫúil Ṡasanaċ, "The Daily Telegraph", in árasán ċara dom anseo i Stocholm. I dtús léirṁeasa ar ḋráma a léirioḋ i mBaile Áṫa Cliaṫ, deir Eric Shorter:

"If the Dublin Theatre Festival again strikes some people as a rash of tryouts aimed at London, what other theatre festival attempts to offer so many new plays professionally at once?"

Níor ċuiṁniġ mé ċeana ar an Ḟéile Aṁarclainne mar ullmúċán le haġaiḋ léiriú ṫall i London, aċ is dóċa go ḃféadfaḋ corr-ḋuine smaoineaḋ uirṫi mar sin. Deir Shorter, áfaċ, go mbíonn Féile Ḃaile Áṫa Cliaṫ níos Éireannaí ná mar a ḃíonn Féile Edinburgh riaṁ Albanaċ, agus ċun an fírinne a rá, más cruinn mo ċuiṁne níor tugaḋ an oiread sin de na drámaí a léiríoḋ le linn Féiltí Aṁarclainne i mBaile Áṫa Cliaṫ roiṁe seo ar aon ċuma anonn go London.

— — —

Sular ḟill sé abaile ċun posta níos airde a ḟáil san Roinn Gnóṫaí Eaċtraċa i mBaile Áṫa Cliaṫ, ḃí píosa an-deas mar ġeall ar Robert McDonagh, a ḃí ina Chargé d'Affaires ag Éirinn i gKobenhavn go dtí cúpla seaċtain ó ṡin, san páipéar mór Danṁairgeaċ, "Berlingske Tidende." "Cara maiṫ don Danṁairg" a tugaḋ air.

Ḃí mé féin an-ḃuíoċ do Ḃob ⁊ ḋá ḃean Róisín as uċt a gcineáltais dom freisin. Taoḃ amuiġ de rud ar biṫ eile, ba ḃreá liom deis a ḃeiṫ agam labairt leis an beirt acu as Gaeilge. Ar ndóiġ, ba Reaċtaire ar Ċumann Gaelaċ Ċoláiste na hOllscoile, Baile Áṫa Cliaṫ, agus rúnaí ar "Ċomar", Róisín tráṫ.

Tá an Danṁairge ar a dtoil ag a gclann, agus tá súil ag Róisín naċ gcaillfiḋ siad í in Éirinn. B'ḟéidir naċ gcaillfiḋ aċ oiread, mar i mBaile Áṫa Cliaṫ beiṫ baint acu le Danair áiriṫe atá ina gcónaí ansin.

I ndiaiḋ go ḃfuil tamall de blianta caite ṫar lear anois acu, tuigeann na páistí go maiṫ gur Éireannaiġ iad. I rang tíreolais ar scoil lá aṁáin hiarraḋ ar an duine is sine orṫu na "British Isles" a ṫaispeáint ar an ṁapa amaċ os coṁair na ndaltaí eile. Rinne sé an méid sin—agus, ar ndóiġ, níor áiriġ sé Éirinn.

"Níl siad go léir agat fós," arsa an múinteoir. "Cad mar ġeall ar Éirinn?"

"Aċ ní oileán de na hOileáin Ḃreataineaċa í Éirinn," arsa an buaċaill.

"Ó, is ea," arsa an múinteoir.

"Ní hea go deiṁin," arsa an gasúr.

"Ḃoil, i gcoṁair an rang tíreolais seo, glacfaiḋ muid leis gurḃ ea," arsa an múinteoir.

"Tá go maiṫ," arsa an tÉireannaċ beag go socair. "Tá mise sásta go leor é sin a ḋéanaṁ má tá siḃse sásta a rá gur cuid den impireaċt Ṡualannaċ í an Danṁairg."

Aon lá eile níor ċualaṫas caint ar Éirinn a ḃeiṫ ar na British Isles san rang sin!

Ros a' Míl

Pósaḋ Pádraic Mac Donnċaḋa, mac le Máiréad Ḃean Ṁic Donnċaḋa, agus Miċeál Mac Donnċaḋa, naċ maireann, Ros a' Ṁíl, Baile na hAḃann, agus Nóra Ní Ḟearrċar, iníon do Miċeál Ó Fearrċar agus a ḃean, Árdán Naoṁ Bríde, An Bóṫar Mór, Gaillim. An tAṫair Noel Mullins, Coláiste Naoṁ Muire, Gaillim, a pós iad, i dTeaċ Pobail Naoṁ Pádraiġ, le Aifreann an Pósta agus Beannaċt an Pápa, agus an tAṫair R. Canaḃáin, An tAṫair Colm Ó Faoláin, S.C., Bóṫar na Trá, agus an tAṫair B. Ó Maoldúin, S.C., Ros a' Ṁíl, ag cabrú. A h-aṫair a ṫug an brídeog le pósaḋ agus ḃí sí ag caiṫeaṁ gúna lán-ḟad de brocade bán, le ceannḃeart ag cur leis. agus bláṫfleasc de carnations ar iompar aici. A ḋeirfiúr, Máire, a ṡeasc léi, agus ċaiṫ sí gúna tangerine, le ceannḃeart ag cur leis, agus bláṫfleasc carnations. Tomás Mac Donnċaḋa, deartár an fir a ṡeas leis. Ḃí 75 aoí i láṫair ag an ḃainis, agus tá mí na meala ḋá ċaiṫeaṁ ar an Ṁór-Roinn.

Scoil Nua

Fuair R. Ó Maoilḋia, T.D., litir ó R. Ó Giobúin, Rúnaí Pairtiminte don Aire Airgeadais, a rá leis go raiḃ an dréact plean don scoil nua ag Baile na Fad, Conamara, Co. na Gaillime, ullaṁ anois ag Coimisinéirí na nOibreaċa Poiblí, agus go gcuirfí ag Bainisteoir na Scoile é, agus ansin gur gnó don ḃainisteoir suíoṁ feiliúnaċ a ḟáil agus údaras ón Coṁairle Condae fána ċoinne. Go dtí go mbíonn sin socair ní ḋiocfaiḋ a rá cé'n uair a ṫosnófar ar tógáil na scoile.'

Ceaṫrú Rua

Banna ceoil Naoṁ Muire as Sligeaċ a ṫug an ceol don céilí ar an gCeaṫrú Rua oíċe Doṁnaiġ Ḃí slua maiṫ i láṫair agus bain-

Breis Scoláireaċta

Beiḋ breis scoláireaċta le fáil ag leanbaí óna scoileanna náisiúnta i gCiarraí an bliain seo ċugainn. Ar molaḋ ón gCoiste Scoláireaċta cinn Coṁairle Contae Ciarraí an tseaċtain seo caite ar an airgead do scoláireaċta a méadú ó £3,750 go £5,500 do scoláireaċta óna bun scoileanna agus dá ḃárr sin hardaíoḋ uimir na scoláireaċta ó 75 i mbliana go 105 an bliain seo ċugainn. Oċt scoláireaċta iolscoile a ḃeiḋ ann arís don bliain seo ċugainn aċ hardaíoḋ luaċ gaċ scoláireaċta ó £235 go £250 an ceann. Cosnóiḋ iomlán na scoláireaċta i gCiarraí an bliain seo ċugainn £21,600 agus íocfaiḋ Roinn an Oideaċais £7,750, rud a ḟágann £13,850 le híoc ag an gCoṁairle Contae timpeall 8d. ar na rátaí.

Fánaid

Coṁġáirdeas le Pádraic S. Mac Giolla Ċearra, Baile Ċiaráin, a ceapaḋ mar Bainisteoir ar Precious Woods, Teo., i mBaile Áṫa Cliaṫ. Is brainnse an áit i mBaile Áṫa Cliaṫ de monarċa Precious Woods Teo., i mBaile na nGallóglaċ.

Ar na micléinn as Fánaid ar éiriġ leo insan Meán-Teistiméireaċt, tá A. Mac Raḃartaiġ, Tonn Bán, Ceanndroma, a fuair onóraċa i nGaeilge, Laidin, Matamaitic, Stair, Tíreolas agus Tarraiceoireaċt; Seán Mac Suiḃne, Ros na Coille; Seán Mac an tSaoir, Dubaċ Beag; Brian Ó Baoill, atá anois i mBaile Áṫa Cliaṫ, aċ a ḃí ag ceann Ḟánaide, áit a raiḃ a aṫair ina coiméadaí soluis.

Tá Bean Ḋonnċa Uí Ḟriġil, O.S ceapaiṫe mar múinteoir cúnta in scoil náisiúnta Baile Lár, in ionad Bean Ṁánais Uí Ḃeaglaoiċ, a ċuaiġ ó sin go Oileán

Tuar Mic Éide

I dTeaċ Pobail Críost Rí, Bóṫar na Trá, pósaḋ Pádraic, mac le Dónal Ó hÉineaċáin, agus a ḃean, Trian, Tuar Ṁic Éide. agus Bríd, iníon do Seosaṁ Ó Maolċiaráin, agus a ḃean, Camus Uaċtar, Co. na Gaillime. An tAṫair Pádraic Ó hÉineaċáin a pós iad le Aifreann an Pósta ⁊ Beannaċt an Pápa. A ḋeartár. Pádraic, a ṫug an brídeóg le pósaḋ agus ḃí sí ag caiṫeaṁ gúna lán-ḟad de brocade bán, agus d'iompar sí bláṫfleasc de rósa dearga. A deirfiúraċa, Áine ⁊ Caitlín, a ṡeas leis an ḃrídeóig ⁊ ċaiṫ siad gúnaí lán-ḟad de brocade bán-dearg, agus bláṫfleasc de carnations. Ḃí an ḃainis i dTeaċ Ósta an Iarannróid, Gaillim. agus tá mí na meala ḋá ċaiṫeaṁ i ndeisceart na hÉireann.

Ḃí os cionn 200 iontrálaiṫe do taispeántas caoraċ sléiḃe Ṫuar Ṁic Éide, a raiḃ cuntas againn faoi an tseaċtain seo caite. Ag an ceannt taréis an taispeántas, díolaḋ cúig réiṫé, ar £20 an ceann. Cuid acu a ċeannaiġ an Roinn Talṁaíoċta agus cean-

eile. B'iad na duaiseoirí: Duais don réiṫe ab' ḟearr ar an taispeántas, ḃuaiġ Miċeál Staunton Drom Sogaí, é. agus an ceann dúnta, do Miċeál Mac Loċlainn, Dún na nGall. Uan Olna, aois ar biṫ — Tomás Ó Duḃṫaiġ, Bóṫán; Miċeál Mac Loċlainn. Uan Réiṫe, 1. M. Lalaiġ, Seangort. 2, T. Ó Duḃṫaiġ; 3, Miċeál Lalaiġ. Uascán Réiṫe — 1, Miċeál Staunton; 2, T. Ó Duḃṫaiġ; 3, P. Ó Máille, Trian Lár; 4. M. Lálaiġ. Sean Réiṫe — 1, Miċeál Mac Loċlainn; 2, Miċeál Lálaiġ. Uan caoraċ — 1, Miċeál Lálaiġ; 2, S. Ó Dálaiġ, Baile Cruaiḋe; 3, Miċeál Lálaiġ; 4, P. Ó Neaċtain, Trianlár. Uain — 1, P. Ó Máille; 2, M. Lálaiġ; 3, T. Bartar, Trianlár; 4, Tomás Ó Tuaṫail, Tuar Ṁic Éide. Sean Ċaoirí — 1, T. Ḃártar; 2, Miċeál Ó hÉinneaċáin; 3, L. Middleton, Ceapaċ Duḃ; 4, T. Bartar. Réiṫí, aois ar biṫ teó: 1, T. Ó hÉinneaċáin; 2, S. Ó Conḃuí; 3, P. Bartar; 4. F. Lálaiġ. Rannóg na bPáistí: Réiṫí — 1, D. Ó Briain; 2, M. Lálaiġ; 3, T. Bartar. Caoirí — 1, T. Lálaiġ;